AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.3.2020
COM(2020) 140 final

2020/0050 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/265 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2020 chun úsáide i gcomhair imirce, insreabhadh dídeanaithe agus bagairtí slándála, le haghaidh bearta láithreacha i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Chinn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 27 Samhain 2019 ar an Ionstraim Sholúbthachta a úsáid chun EUR 778,1 milliún a fhorscaoileadh le haghaidh ceannteideal 3 *Slandáil agus Saorántacht* mar atá molta ag an gCoimisiún.

Cuireann an Coimisiún dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2020[1] isteach inniu lena gcuimsítear, i measc méaduithe eile, méadú foriomlán EUR 423,3 milliún ar leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí le haghaidh ceannteideal 3 chun riar do na riachtanais a d'eascair as an méadú ar bhrú imirce sa Ghréig, chun maoiniú a dhéanamh ar bhearta láithreacha atá ag teastáil i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus chun méadú ar bhuiséad *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh* (OIPE) a chumhdach.

Mar a cheadaítear faoi Airteagal 14 den Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2014 go 2020[2], moltar sa Dréachtbhuiséad Leasaitheach go mbainfí leas as an Ionstraim Corrlaigh Aonair atá ar fáil go fóill ó 2018 le haghaidh an mhéadaithe a bhaineann leis an imirce (EUR 350 milliún). Maidir leis an gcuid den mhéadú atá fágtha, nach dtagann faoi raon feidhme na hIonstraime Corrlaigh Aonair (EUR 73,3 milliún), tá forscaoileadh breise den Ionstraim Sholúbthachta ag teastáil faoina comhair.

Dá bhrí sin, gabhann an togra seo leis an dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2020 chun méadú a dhéanamh dá réir sin ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta agus cuspóir an fhorscaoilte a leathnú.

EUR 851,4 milliún (méadú ar EUR 778,1 milliún) a bheidh san fhorscaoileadh coigeartaithe sin na hIonstraim Solúbthachta, le haghaidh cheannteideal 3.

Leis an gcinneadh forscaoilte seo atá beartaithe, leasófar Cinneadh (AE) 2020/265 an 27 Samhain 2019[3].

Tugtar, sa tábla thíos, na leithreasuithe táscacha i gcomhair íocaíochta a chomhfhreagraíonn don fhorscaoileadh atá tugtha ón Ionstraim Sholúbthachta:

(in EUR milliúin, ag praghsanna reatha)

Bliain	Leithreasuithe íocaíochta a bhaineann le húsáid na hionstraime solúbthachta in 2020
2020	450,7
2021	342,2
2022	42,4
2023	16,1
Iomlán	**851,4**

[1] COM(2020) 145, 27.3.2020.
[2] IO L 347, 20.12.2013, lch. 884.
[3] IO L 58, 27.2.2020, lch. 51.

2020/0050 (BUD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/265 a mhéid a bhaineann le coigeartuithe ar na méideanna arna bhforscaoileadh ón Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2020 chun úsáide i gcomhair imirce, insreabhadh dídeanaithe agus bagairtí slándála, le haghaidh bearta láithreacha i gcomhthéacs ráig COVID-19 agus le haghaidh athneartú ar Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i dtaca le hábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais[4], agus go háirithe pointe 12 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé beartaithe leis an Ionstraim Sholúbthachta go mbeifear in ann caiteachas a mhaoiniú, ar caiteachas é a shainaithnítear go soiléir agus nach bhféadfaí a mhaoiniú faoi na huasteorainneacha a bheadh le fáil le haghaidh ceann amháin nó níos mó de cheannteidil eile bhuiséad ginearálta an Aontais.

(2) Is é EUR 600 000 000 (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013[5], ón gComhairle, uasteorainn an mhéid bhliantúil a bheidh ar fáil le haghaidh na hIonstraime Solúbthachta, agus í sin arna méadú, i gcás inarb infheidhme, le méideanna gan chaitheamh a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 1 den Airteagal sin.

(3) An 27 Samhain 2019 ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/265[6] maidir leis an Ionstraim Sholúbthachta a fhorscaoileadh chun méid EUR 778 074 489 a sholáthar i leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3 (*Slandáil agus saoránacht*) don bhliain airgeadais 2020 chun bearta a mhaoiniú i réimse na himirce, na ndídeanaithe agus na slándála.

(4) Áirítear i ndréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2020[7] méadú EUR 424,3 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí faoi cheannteideal 3. Astu sin, cumhdaítear EUR 350,0 milliún le haghaidh caiteachas breise chun dul i ngleic le brúnna imirce sa Ghréig trí leas a bhaint as an Ionstraim Corrlaigh Aonair a leagtar síos in Airteagal 14

[4] IO L 373, 20.12.2013, lch. 1.

[5] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

[6] Cinneadh (AE) 2020/265 Ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le leas a bhaint as an Ionstraim Sholúbthachta chun bearta buiséadacha láithreacha a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus na mbagairtí slándála (IO L 058 27.02.2020, lch. 51)

[7] COM(2020) 145, 27.3.2020.

de Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013. Ní chumhdaítear le raon feidhme na hIonstraime Corrlaigh Aonair an méid atá fágtha, EUR 73,3 milliún, agus dá bhrí sin teastaíonn forscaoileadh breise den Ionstraim Sholúbthachta le haghaidh 2020. Is gá freisin coigeartú a dhéanamh ar an bpróifíl táscach íocaíochta.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir (AE) 2020/265 a leasú dá réir sin.

(6) Forscaoileadh sin na hIonstraime Solúbthachta, ba cheart é a ghlacadh d'aon uain leis an leasú ar bhuiséad 2020 arae ceadaítear le forscaoileadh na hIonstraime Solúbthachta maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áirithe agus an maoiniú sin os cionn uasteorainn a leagtar síos sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil. Chun an comhleanúnachas le leasú sin ar bhuiséad 2020 a áirithiú, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm an lá a fhoilsítear é.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I gCinneadh (AE) 2020/265, leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

I Mír 1, sa chéad fhomhír, cuirtear "EUR 851 374 489" in ionad "EUR 778 074 489" agus cuirtear an méid seo a leanas in áit an dara fomhír: "Déanfar na suimeanna dá dtagraítear sa chéad fhomhír a úsáid chun bearta a mhaoiniú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin leanúnacha na himirce, insreabhadh na ndídeanaithe agus na mbagairtí slándála chomh maith leis an ngéarchéim shláintíochta atá ann faoi láthair san Aontas Eorpach de bharr ráig COVID-19 agus de bharr méadú ar riachtanais Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh."

I bhfomhír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír:

"(a) EUR 450 702 108 in 2020;

(b) EUR 342 205 134 in 2021;"

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*